2025/778

14.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/778 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2025

maidir le bearta athchothromúcháin tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Márta 2018, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na Stáit Aontaithe') isteach, ar bhonn roinn 232 d'Acht um Fhairsingiú Trádála 1962 na Stát Aontaithe, taraifí ar leibhéal 25 % agus 10 % *ad valorem* ar allmhairí táirgí áirithe cruach agus alúmanaim faoi seach, le héifeacht ón 23 Márta 2018, ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe. Tar éis an dáta cur i bhfeidhm i leith an Aontais a chur siar faoi dhó, an 1 Meitheamh 2018 tháinig an taraif i bhfeidhm i leith allmhairí de thionscnamh an Aontais, ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe ('bearta coimirce 2018'). An 24 Eanáir 2020, thug na Stáit Aontaithe isteach, ar bhonn roinn 232 d'Acht um Fhairsingiú Trádála 1962 na Stát Aontaithe, taraifí ar leibhéal 25 % agus 10 % *ad valorem* ar allmhairí táirgí díorthacha áirithe alúmanaim agus táirgí díorthacha áirithe cruach faoi seach, le héifeacht ón 8 Feabhra 2020, lena n-áirítear maidir leis an Aontas, ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe ('bearta coimirce 2020').

(2) Na bearta arna dtabhairt isteach ag na Stáit Aontaithe, is bearta coimirce iad go hoibiachtúil toisc go bhfuil sé i gceist leo imeacht ó oibleagáidí na Stát Aontaithe a eascraíonn as an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') i bhfoirm srianta ar allmhairí chun tionscal intíre a chosaint ar iomaíocht ó allmhairí, ar mhaithe le rathúnas tráchtála an tionscail sin, agus gan dumpáil ná fóirdheonú a chinneadh de réir brí dleachtanna frithdhumpála nó dleachtanna frithchúitimh. An t-údar líomhnaithe a thugann na Stáit Aontaithe lena mbearta, is é sin go bhfuil siad riachtanach chun a mbunleas slándála a chosaint, agus iad glactha le linn éigeandáil sa chaidreamh idirnáisiúnta, is róléir nach bhfuil údar leo, agus ní bhaintear an bonn ón bhfíoras gur bearta coimirce iad go hoibiachtúil.

(3) An 20 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([2]) ('bearta athchothromúcháin 2018'). Is é is aidhm do bhearta athchothromúcháin 2018 bearta coimirce 2018 na Stát Aontaithe a fhrithchothromú agus bhí feidhm acu ón 22 Meitheamh 2018 ar aghaidh. An 6 Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ([3]) ('bearta athchothromúcháin 2020'). Is é is aidhm do bhearta athchothromúcháin 2020 bearta coimirce 2020 na Stát Aontaithe a fhrithchothromú agus bhí feidhm acu ón 8 Bealtaine 2020 ar aghaidh.

([1]) IO L 189, 27.6.2014, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/654/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO L 158, 21.6.2018, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/886/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2020 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 109, 7.4.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/502/oj).

(4) Tá cur i bhfeidhm bhearta athchothromúcháin 2018 agus 2020 á gcur ar fionraí ag an gCoimisiún go dtí an 14 Aibreán 2025 agus an dáta sin san áireamh ([4]). Bhí sé d'aidhm ag an dá fhionraí sin na forbairtí dearfacha sa chaidreamh trádála leis na Stáit Aontaithe a chur san áireamh, mar aon leis na socruithe malartacha ar bhearta coimirce na Stát Aontaithe i ndáil leis an Aontas ([5]).

(5) An 10 Feabhra 2025, ghlac na Stáit Aontaithe, ar bhonn roinn 232 d'Acht um Fhairsingiú Trádála 1962 na Stát Aontaithe, taraifí coigeartaithe ar allmhairí cruach agus alúmanaim agus táirgí díorthacha cruach agus alúmanaim isteach sna Stáit Aontaithe de thionscnamh, *inter alia*, an Aontais, le héifeacht ón 12 Márta 2025 ([6]), ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe, trí na bearta seo a leanas a thabhairt isteach nó a thabhairt isteach an athuair:

(a) bearta coimirce 2018 agus 2020 i bhfoirm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí cruach agus alúmanaim agus táirgí díorthacha cruach agus alúmanaim faoin raon táirgí tosaigh de thionscnamh, *inter alia*, an Aontais ar na leibhéil tosaigh 25 % agus 10 % *ad valorem*, faoi seach;

(b) méadú ar ráta bhearta coimirce 2018 agus 2020 go dtí 25 % *ad valorem* ar allmhairí táirgí alúmanaim agus táirgí díorthacha alúmanaim a bhí faoi réir 10 % *ad valorem* ar dtús agus ar de thionscnaimh, *inter alia*, an Aontais iad ('na bearta coimirce leathnaithe'); agus

(c) taraifí nua ar leibhéal 25 % *ad valorem* ar allmhairí táirgí cruach agus alúmanaim breise agus táirgí díorthacha cruach agus alúmanaim breise de thionscnamh *inter alia* an Aontais ('bearta coimirce 2025').

(6) Na bearta arna dtabhairt isteach ag na Stáit Aontaithe, is bearta coimirce i gcónaí iad toisc go bhfuil sé i gceist leo imeacht ó oibleagáidí na Stát Aontaithe a eascraíonn as an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála i bhfoirm srianta ar allmhairí chun tionscal intíre a chosaint ar iomaíocht ó allmhairí, ar mhaithe le rathúnas tráchtála an tionscail sin, agus gan dumpáil ná fóirdheonú a chinneadh de réir brí dleachtanna frithdhumpála nó dleachtanna frithchúitimh.

(7) Le Comhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce, aon Chomhalta EDT is onnmhaireoir a ndéanann beart coimirce difear dó, tá sé de cheart aige cur i bhfeidhm oibleagáidí atá coibhéiseach cuid mhaith faoi Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil ('GATT') a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann le trádáil an Chomhalta EDT a bhfuil an beart coimirce á chur i bhfeidhm aige, ar choinníoll nár thángthas ar réiteach sásúil i gcomhairliúcháin leis an gComhalta sin agus nach bhfuil Comhairle EDT um Thrádáil Earraí míshásta leis an bhfionraí. Ní féidir leis na Stáit Aontaithe bac a chur ar chomhaltaí eile EDT oibleagáidí coibhéiseacha a chur ar fionraí ar an gcaoi sin trí dhiúltú dá mbearta a dhearbhú mar bhearta coimirce, más bearta coimirce iad go hoibiachtúil.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/866 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 (IO L 190, 31.5.2021, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/866/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2083 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L 426, 29.11.2021, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2083/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2023 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L, 2023/2882, 19.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2882/oj) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/664 ón gCoimisiún an 31 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2882 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L, 2025/664, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/664/oj).

([5]) An 1 Eanáir 2022, rinne na Stáit Aontaithe, na dleachtanna 25 % agus 10 % a bhí ann ar chruach agus ar alúmanam faoi seach, agus dleachtanna eile nach iad, a ionadú go sealadach le taraif-chuótaí, a mhéid a bhain le hallmhairí de thionscnamh an Aontais.

([6]) Forógra Uimh. 10896 ón Uachtarán an 10 Feabhra 2025, Allmhairí cruach isteach sna Stáit Aontaithe a choigeartú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis; Forógra Uimh. 10985 ón Uachtarán an 10 Feabhra 2025, Allmhairí alúmanaim isteach sna Stáit Aontaithe a choigeartú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

(8) Níor thángthas ar aon réiteach sásúil de bhun iarraidh an Aontais ar chomhairliúcháin leis na Stáit Aontaithe mar a fhoráiltear in Airteagail 8 agus 12.3 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce ([7]).

(9) Ba cheart don Aontas fógra a thabhairt don Chomhairle um Thrádáil Earraí go bhfuil cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí atá coibhéiseach cuid mhaith á chur ar fionraí mar fhreagairt ar bhearta coimirce leathnaithe na Stát Aontaithe agus ar bhearta coimirce 2025, agus ba cheart éifeacht a bheith ag na bearta tar éis do thréimhse 30 lá ó thugtar an fógra sin dul in éag ach amháin má tá an Chomhairle um Thrádáil Earraí míshásta leis an bhfionraí. Thug an tAontas fógra cheana féin faoi chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí atá coibhéiseach cuid mhaith a bheith á chur ar fionraí mar fhreagairt ar bhearta coimirce 2018 agus 2020 na Stát Aontaithe agus dá réir sin tháinig an fhionraí i bhfeidhm an tráth sin ([8]).

(10) Le Comhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce, is féidir an fhionraí a fheidhmiú láithreach i gcás nach bhfuil an beart coimirce déanta mar thoradh ar dhearbhmhéadú ar allmhairí nó i gcás nach bhfuil an beart coimirce i gcomhréir le forálacha ábhartha Chomhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce. Níl bearta coimirce leathnaithe na Stát Aontaithe ná bearta coimirce 2025 i gcomhréir le Comhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce toisc, i measc nithe eile, nach ndearna na Stáit Aontaithe aon chinneadh go bhfuil na táirgí atá i gceist á n-allmhairiú i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin go mbeadh siad ina gcúis le mórdhíobháil, nó go mbagródh siad a bheith ina gcúis le mórdhíobháil, don tionscal intíre a tháirgeann an táirge comhchosúil nó an táirge díriomaíoch. Dá réir sin, tá an tAontas i dteideal oibleagáidí GATT atá coibhéiseach cuid mhaith a chur ar fionraí láithreach.

(11) D'fhéadfadh tionchar eacnamaíoch diúltach nach beag a bheith ag bearta coimirce na Stát Aontaithe ar thionscail an Aontais lena mbaineann. Cuireann siad teorainn nach beag le honnmhairí na dtáirgí ábhartha cruach agus alúmanaim agus na dtáirgí díorthacha cruach agus alúmanaim ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe. Maidir le hallmhairí na dtáirgí ábhartha isteach sna Stáit Aontaithe ón Aontas a ndearna bearta coimirce 2018 agus 2020 difear dóibh, lena gcuimsítear an beart coimirce leathnaithe, b'fhiú EUR 8 mbilliún na hallmhairí sin in 2024 agus b'fhiú EUR 18 mbilliún in 2024 na táirgí siúd a ndéanann bearta coimirce 2025 difear dóibh.

(12) Dá bhrí sin, maidir le fionraí oibleagáidí trádála an Aontais, a léiríonn agus nach sáraíonn an méid a d'eascródh as dleachtanna custaim na Stát Aontaithe a chur i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí cruach agus alúmanaim ábhartha agus na dtáirgí díorthacha cruach agus alúmanaim ábhartha de thionscnamh an Aontais, is fionraí iomchuí an fhionraí sin ar chur i bhfeidhm oibleagáidí atá coibhéiseach cuid mhaith, i gcomhréir le Comhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce.

(13) Ba cheart an ghníomhaíocht iomchuí a bheith i bhfoirm bearta athchothromúcháin tráchtála faoi Rialachán (AE) Uimh. 654/2014, agus ba cheart gurbh é atá i gceist léi lamháltais taraife a chur ar fionraí agus dleachtanna custaim nua nó méadaithe a fhorchur ar allmhairí táirgí roghnaithe de thionscnamh na Stát Aontaithe isteach san Aontas.

(14) Agus na bearta iomchuí agus a ndátaí cur i bhfeidhm faoi seach á ndearadh agus á roghnú ag an gCoimisiún, tá critéir oibiachtúla curtha i bhfeidhm aige i gcomhréir le hAirteagal 4(2), pointe (c) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, comhréireacht aon bheart a dhéanfar, a n-acmhainneacht faoiseamh a thabhairt do thionscail an Aontais a ndéanann bearta coimirce na Stát Aontaithe difear dóibh, agus an aidhm an tionchar diúltach eacnamaíoch ar an Aontas a íoslaghdú. Tá deis tugtha ag an gCoimisiún do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl agus faisnéis a chur isteach maidir le leasanna eacnamaíocha ábhartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 agus tá an t-ionchur sin a soláthraíodh curtha san áireamh aige ([9]).

([7]) D'iarr an tAontas comhairliúcháin mar a fhoráiltear in Airteagail 8 agus 12.3 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce an 16 Aibreán 2018 i ndáil le bearta coimirce 2018, an 6 Márta 2020 i ndáil le bearta coimirce 2020, agus an 12 Márta 2025 i ndáil le bearta coimirce 2025. Níor thángthas ar aon chomhaontú agus chuaigh an tréimhse 30 lá le haghaidh comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce in éag.

([8]) G/L/1237, G/SG/N/12/EU/1, an 18 Bealtaine 2018, https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/G/L/1237.pdf&Open=True; G/L/1356, G/SG/N/12/EU/2, an 7 Aibreán 2020, https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/G/L/1356.pdf&Open=True.

([9]) A mhéid a bhaineann leis na bearta coimirce leathnaithe agus a mhéid a bhaineann le bearta coimirce 2025, bailíodh an fhaisnéis ón 12 Márta go dtí an 26 Márta 2025, féach http://trade.ec.europa.eu/consultations/index.cfm?consul_id=253 agus Fógra bailithe faisnéise faoi Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 maidir le taraifí nua na Stát Aontaithe ar tháirgí cruach agus alúmanaim, agus bearta athchothromúcháin féideartha de chuid an Aontais mar fhreagairt air sin — an Coimisiún Eorpach. A mhéid a bhaineann le bearta coimirce 2018 agus 2020, bailíodh an fhaisnéis in 2018 agus 2020 dá réir sin, féach aithris 8 de Rialachán (AE) 2018/724, agus aithris 10 de Rialachán (AE) 2020/502.

(15) Tá sé áirithithe ag an gCoimisiún go bhfuil na dleachtanna custaim breise comhréireach le héifeacht bhearta coimirce na Stát Aontaithe agus nach bhfuil siad iomarcach, mar a shonraítear in aithrisí (19), (20) agus (21).

(16) D'fhéadfadh na bearta roghnaithe faoiseamh áirithe a thabhairt do thionscail an Aontais a ndéanann bearta coimirce na Stát Aontaithe difear dóibh.

(17) Baineann na bearta le hallmhairí táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe nach bhfuil an tAontas spléach go mór orthu dá sholáthar féin. Leis an gcur chuige sin agus leis na dátaí cur i bhfeidhm is infheidhme, seachnaítear, a mhéid is féidir, tionchar diúltach ar na gníomhaithe éagsúla i margadh an Aontais, lena n-áirítear tomhaltóirí.

(18) Dá réir sin, maidir le bearta coimirce 2018, atá á gcur i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe arís ina n-iomláine ar allmhairí ón Aontas ón 12 Márta 2025 ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe, ba cheart don Aontas leibhéal na dleachta *ad valorem* agus raon na dtáirgí a leasú i ndáil le roinnt cóid AC, chun an tréimhse ama atá imithe in éag ó tugadh isteach iad in 2018 agus éabhlóid na sreafaí trádála a chur san áireamh agus chun na bearta athchothromúcháin ina n-iomláine a dhéanamh níos cothroime agus chun a áirithiú an tráth céanna go ndéanfar leas an Aontais a choimirciú mar a fhoráiltear faoi Rialachán (AE) Uimh. 654/2014.

(19) Ba cheart dleacht *ad valorem* bhreise 10 % agus 25 % ar allmhairí na dtáirgí a shonraítear in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ba cheart na táirgí a bhfuil tuairisc orthu sna ceithre chód AC 2208 30 11, 2208 30 19, 2208 30 82 agus 2208 30 88 a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 a bhaint. Is léiriú é méid iomlán na ndleachtanna *ad valorem* den chuid sin d'athchothromú an Aontais ar bhearta coimirce 2018 na Stát Aontaithe i bhfoirm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí cruach agus alúmanaim de thionscnamh, *inter alia*, an Aontais, ar leibhéil tosaigh 25 % agus 10 % *ad valorem* faoi seach (luach iomlán EUR 1,6 billiún de dhleachtanna a bailíodh go teoiriciúil ar allmhairí an Aontais isteach sna Stáit Aontaithe in 2017).

(20) A mhéid a bhaineann leis na bearta coimirce leathnaithe atá á gcur i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe ó bhí an 12 Márta 2025 ann ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe, ba cheart don Aontas dleacht chustaim *ad valorem* bhreise 25 % a chur i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí a shonraítear in Iarscríbhinní II, ón 16 Bealtaine 2025 ar aghaidh, rud atá i gcomhréir leis an tréimhse fógra a shonraítear in aithris (9). Is léiriú é méid iomlán na ndleachtanna *ad valorem* den dara cuid sin d'athchothromú an Aontais ar tharaifí méadaithe na Stát Aontaithe ó 10 % go 25 % *ad valorem* ar allmhairí táirgí alúmanaim agus táirgí díorthacha alúmanaim, de thionscnamh an Aontais (luach iomlán EUR 215 mhilliún de dhleachtanna a bailíodh go teoiriciúil ar allmhairí an Aontais isteach sna Stáit Aontaithe in 2024).

(21) A mhéid a bhaineann le bearta coimirce 2025 atá á gcur i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe ó bhí an 12 Márta 2025 ann ar feadh tréimhse neamhtheorannaithe, ba cheart don Aontas dleacht chustaim *ad valorem* bhreise 25 % a chur i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí a shonraítear in Iarscríbhinní III agus IV, ón 16 Bealtaine 2025 agus ón 1 Nollaig 2025 ar aghaidh, faoi seach, rud atá i gcomhréir leis an tréimhse fógra a shonraítear in aithris (9). Is léiriú é méid iomlán na ndleachtanna *ad valorem* den tríú cuid sin d'athchothromú an Aontais ar bhearta coimirce 2025 na Stát Aontaithe ar allmhairí na dtáirgí cruach agus alúmanaim breise agus ar allmhairí na dtáirgí díorthacha cruach agus alúmanaim breise, de thionscnamh an Aontais isteach sna Stáit Aontaithe (luach iomlán EUR 4,5 billiún de dhleachtanna a bailíodh go teoiriciúil ar allmhairí an Aontais isteach sna Stáit Aontaithe in 2024).

(22) Leasóidh an Coimisiún, más gá, an Rialachán seo chun aon leasú nó aon athrú ar bhearta coimirce na Stát Aontaithe a chur san áireamh, agus chun an bealach a gcuirfidh na Stáit Aontaithe a mbearta coimirce i bhfeidhm a chur san áireamh.

(23) I bhfianaise theorainneacha ama EDT is infheidhme, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Bacainní Trádála,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tráth nach déanaí ná an 15 Aibreán 2025, tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn do Chomhairle EDT um Thrádáil Earraí go ndéanfaidh an tAontas, in éagmais míshástacht ón gComhairle um Thrádáil Earraí, cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí faoi GATT 1994 maidir le trádáil na Stát Aontaithe a chur ar fionraí ón 16 Bealtaine 2025 ar aghaidh i ndáil le lamháltais dleachta ar allmhairí agus cóir an náisiúin barrfhabhair i leith na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinní II, III agus IV.

Airteagal 2

Cuirfidh an tAontas na dleachtanna custaim breise seo a leanas i bhfeidhm ar allmhairí táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach san Aontas:

(1) dleacht *ad valorem* bhreise ar ráta 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus a shonraítear inti, ón 16 Bealtaine 2025 ar aghaidh;

(2) dleacht *ad valorem* bhreise ar ráta 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn III agus a shonraítear inti, ón 16 Bealtaine 2025 ar aghaidh;

(3) dleacht *ad valorem* bhreise ar ráta 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus a shonraítear inti, ón 1 Nollaig 2025 ar aghaidh.

Airteagal 3

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Cuirfidh an tAontas dleachtanna custaim breise i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí isteach san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá ('Na Stáit Aontaithe') iad;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Cuirfear dleacht *ad valorem* bhreise ar ráta 10 % agus 25 % i bhfeidhm ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a shonraítear inti, ón 15 Aibreán 2025 ar aghaidh';

(3) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
0710 40 00	25 %
0711 90 30	25 %
0713 33 90	25 %
1005 90 00	25 %
1006 30 21	25 %
1006 30 23	25 %
1006 30 25	25 %
1006 30 27	25 %
1006 30 29	25 %
1006 30 42	25 %
1006 30 44	25 %
1006 30 46	25 %
1006 30 48	25 %
1006 30 49	25 %
1006 30 61	25 %
1006 30 63	25 %
1006 30 65	25 %
1006 30 67	25 %
1006 30 69	25 %
1006 30 92	25 %
1006 30 94	25 %
1006 30 96	25 %
1006 30 98	25 %
1006 30 99	25 %
1006 40 00	25 %
1904 10 30	25 %
1904 90 10	25 %
2001 90 30	25 %
2004 90 10	25 %
2005 80 00	25 %
2008 11 10	25 %
2008 93 11	25 %
2008 93 19	25 %
2008 93 29	25 %
2008 93 91	25 %
2008 93 93	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
2008 93 99	25 %
2009 12 00	25 %
2009 19 11	25 %
2009 19 19	25 %
2009 19 91	25 %
2009 19 98	25 %
2009 81 11	25 %
2009 81 19	25 %
2009 81 31	25 %
2009 81 59	25 %
2009 81 95	25 %
2009 81 99	25 %
2402 10 00	25 %
2402 20 10	25 %
2402 20 90	25 %
2402 90 00	25 %
2403 11 00	25 %
2403 19 10	25 %
2403 19 90	25 %
2403 91 00	25 %
2403 99 10	25 %
2403 99 90	25 %
2404 11 00	25 %
2404 19 10	25 %
2404 91 90	25 %
3301 12 10	10 %
3301 13 10	10 %
3301 90 10	10 %
3301 90 30	10 %
3301 90 90	10 %
3302 90 10	10 %
3302 90 90	10 %
3304 10 00	10 %
3304 20 00	25 %
3304 30 00	25 %
3304 91 00	25 %
3305 30 00	10 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
4818 20 10	25 %
4818 20 91	25 %
4818 20 99	25 %
4818 30 00	25 %
4818 50 00	25 %
4818 90 10	25 %
4818 90 90	25 %
5606 00 91	10 %
5606 00 99	10 %
5907 00 00	10 %
5911 10 00	10 %
5911 20 00	10 %
5911 31 11	10 %
5911 31 19	10 %
5911 31 90	10 %
5911 32 11	10 %
5911 32 19	10 %
5911 32 90	10 %
6109 10 00	25 %
6109 90 20	25 %
6109 90 90	25 %
6203 42 11	25 %
6203 42 31	25 %
6203 42 33	25 %
6203 42 35	25 %
6203 42 51	25 %
6203 42 59	25 %
6203 42 90	25 %
6203 43 11	25 %
6203 43 19	25 %
6203 43 31	25 %
6203 43 39	25 %
6203 43 90	25 %
6204 62 11	25 %
6204 62 31	25 %
6204 62 33	25 %
6204 62 39	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
6204 62 51	25 %
6204 62 59	25 %
6204 62 90	25 %
6205 30 00	25 %
6301 30 10	25 %
6301 30 90	25 %
6302 31 00	25 %
6402 19 00	25 %
6402 99 10	25 %
6402 99 31	25 %
6402 99 39	25 %
6402 99 50	25 %
6402 99 91	25 %
6402 99 93	25 %
6402 99 96	25 %
6402 99 98	25 %
6403 59 05	25 %
6403 59 11	25 %
6403 59 31	25 %
6403 59 35	25 %
6403 59 39	25 %
6403 59 50	25 %
6403 59 91	25 %
6403 59 95	25 %
6403 59 99	25 %
6601 10 00	25 %
6911 10 00	25 %
6911 90 00	25 %
6912 00 21	25 %
6912 00 23	25 %
6912 00 25	25 %
6912 00 29	25 %
6912 00 81	25 %
6912 00 83	25 %
6912 00 85	25 %
6912 00 89	25 %
6913 10 00	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
6913 90 10	25 %
6913 90 93	25 %
6913 90 98	25 %
6914 10 00	25 %
6914 90 00	25 %
7005 21 25	25 %
7005 21 30	25 %
7005 21 80	25 %
7007 19 10	10 %
7007 19 20	10 %
7007 19 80	10 %
7007 21 20	10 %
7007 21 80	10 %
7007 29 00	10 %
7009 10 00	25 %
7009 91 00	10 %
7013 28 10	10 %
7013 28 90	10 %
7102 31 00	10 %
7113 11 00	25 %
7113 19 00	25 %
7113 20 00	25 %
7210 12 20	25 %
7210 12 80	25 %
7219 12 10	25 %
7219 12 90	25 %
7219 13 10	25 %
7219 13 90	25 %
7219 32 10	25 %
7219 32 90	25 %
7219 33 10	25 %
7219 33 90	25 %
7219 34 10	25 %
7219 34 90	25 %
7219 35 90	25 %
7222 20 11	25 %
7222 20 21	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
7222 20 29	25 %
7222 20 31	25 %
7222 20 81	25 %
7222 20 89	25 %
7222 40 10	25 %
7222 40 50	25 %
7222 40 90	25 %
7223 00 11	25 %
7223 00 19	25 %
7223 00 91	25 %
7226 92 00	25 %
7228 30 20	25 %
7228 30 41	25 %
7228 30 49	25 %
7228 30 61	25 %
7228 30 69	25 %
7228 30 70	25 %
7228 30 89	25 %
7228 50 20	25 %
7228 50 40	25 %
7228 50 61	25 %
7228 50 69	25 %
7228 50 80	25 %
7229 90 20	25 %
7229 90 50	25 %
7229 90 90	25 %
7301 20 00	25 %
7304 31 20	25 %
7304 31 80	25 %
7304 41 00	25 %
7306 30 12	25 %
7306 30 18	25 %
7306 30 41	25 %
7306 30 49	25 %
7306 30 72	25 %
7306 30 77	25 %
7306 30 80	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
7306 40 20	25 %
7306 40 80	25 %
7307 11 10	25 %
7307 11 90	25 %
7307 19 10	25 %
7307 19 90	25 %
7308 30 00	25 %
7308 40 00	25 %
7308 90 51	25 %
7308 90 59	25 %
7308 90 98	25 %
7309 00 10	25 %
7309 00 51	25 %
7309 00 59	25 %
7310 29 10	25 %
7310 29 90	25 %
7311 00 13	25 %
7311 00 19	25 %
7311 00 99	25 %
7314 14 00	25 %
7314 19 00	25 %
7314 49 00	25 %
7315 11 10	25 %
7315 11 90	25 %
7315 12 00	25 %
7315 19 00	25 %
7315 89 00	25 %
7315 90 00	25 %
7318 14 10	25 %
7318 14 91	25 %
7318 14 99	25 %
7318 16 40	25 %
7318 16 60	25 %
7318 16 92	25 %
7318 16 99	25 %
7321 11 10	25 %
7321 11 90	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
7322 90 00	25 %
7323 93 00	25 %
7323 99 00	25 %
7324 10 00	25 %
7325 10 00	25 %
7325 99 10	25 %
7325 99 90	25 %
7326 90 30	25 %
7326 90 40	25 %
7326 90 50	25 %
7326 90 60	25 %
7326 90 92	25 %
7326 90 96	25 %
7326 90 98	10 %
7604 29 90	25 %
7606 11 30	25 %
7606 11 50	25 %
7606 11 91	25 %
7606 11 93	25 %
7606 11 99	25 %
7606 12 11	25 %
7606 12 19	25 %
7606 12 30	25 %
7606 12 50	25 %
7606 12 92	25 %
7606 12 93	25 %
8422 11 00	25 %
8450 11 11	25 %
8450 11 19	25 %
8450 11 90	25 %
8450 12 00	25 %
8450 19 00	25 %
8506 10 11	10 %
8506 10 18	10 %
8506 10 91	10 %
8506 10 98	10 %
8506 90 00	10 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
8543 70 01	25 %
8543 70 02	25 %
8543 70 03	25 %
8543 70 04	25 %
8543 70 05	25 %
8543 70 06	25 %
8543 70 07	25 %
8543 70 08	25 %
8543 70 09	25 %
8543 70 10	25 %
8543 70 30	25 %
8543 70 50	25 %
8543 70 60	25 %
8543 70 90	25 %
8704 21 10	10 %
8704 21 31	10 %
8704 21 39	10 %
8704 21 91	10 %
8704 21 99	10 %
8704 41 10	10 %
8704 41 31	10 %
8704 41 39	10 %
8704 41 91	10 %
8704 41 99	10 %
8711 40 00	25 %
8711 50 00	25 %
8901 90 10	25 %
8901 90 90	25 %
8902 00 10	25 %
8902 00 90	25 %
8903 11 00	10 %
8903 12 00	10 %
8903 19 00	10 %
8903 21 00	25 %
8903 22 00	25 %
8903 23 00	25 %
8903 31 00	25 %

AC 2025 ([1])	Leibhéal dleachta
8903 32 10	25 %
8903 32 90	25 %
8903 33 10	25 %
8903 33 90	25 %
8903 93 00	25 %
8903 99 10	25 %
8903 99 99	25 %
9401 61 00	25 %
9401 69 00	25 %
9401 71 00	25 %
9401 79 00	25 %
9401 80 00	25 %
9404 40 10	25 %
9404 40 90	25 %
9404 90 10	25 %
9404 90 90	25 %
9405 99 00	25 %
9504 40 00	10 %

([1]) Tógtar cóid na hainmníochta comhcheangailte as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a shainmhínítear í in Airteagal 1(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj)) agus mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, atá bailí tráth foilsithe an Rialacháin seo, agus *mutatis mutandis* arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an leasú is déanaí, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L, 2024/2522, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj).

IARSCRÍBHINN II

AC 2025 ([1])	Dleacht bhreise
2603 00 00	25 %
7301 10 00	25 %
7302 10 10	25 %
7302 10 22	25 %
7302 10 28	25 %
7302 10 40	25 %
7302 10 50	25 %
7302 10 90	25 %
7302 30 00	25 %
7302 40 00	25 %
7302 90 00	25 %
7304 11 00	25 %
7304 19 10	25 %
7304 19 30	25 %
7304 19 90	25 %
7304 22 00	25 %
7304 23 00	25 %
7304 24 00	25 %
7304 29 10	25 %
7304 29 30	25 %
7304 29 90	25 %
7304 39 50	25 %
7304 39 82	25 %
7304 39 83	25 %
7304 39 88	25 %
7304 49 83	25 %
